Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**9190/20**

**ATO 34**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8733/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The Commission contributes to nuclear safety in the EU, but updates required* [Cuireann an Coimisiún le sábháilteacht núicléach san Aontas, ach teastaíonn nuashonruithe]<br>- Conclúidí ón gComhairle (29 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The Commission contributes to nuclear safety in the EU, but updates required* [Cuireann an Coimisiún le sábháilteacht núicléach san Aontas, ach teastaíonn nuashonruithe], a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn an 29 Meitheamh 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The Commission contributes to nuclear safety in the EU, but updates required* [Cuireann an Coimisiún le sábháilteacht núicléach san Aontas, ach teastaíonn nuashonruithe]**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. GABHANN SÍ BUÍOCHAS le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as ucht Thuarascáil Speisialta 03/2020 dar teideal *The Commission contributes to nuclear safety in the EU, but updates required* [Cuireann an Coimisiún le sábháilteacht núicléach san Aontas, ach teastaíonn nuashonruithe];

2. ADMHAÍONN SÍ fócas na Tuarascála Speisialta ar ról an Choimisiúin maidir le faireachán a dhéanamh ar thrasuí threoracha Euratom, an creat faoina n-eisíonn sé tuairimí ar thionscadail infheistíochta núicléiche, agus an cur chuige a chuireann sé i bhfeidhm nuair a bhíonn na tuairimí sin á n-ullmhú agus fíoruithe á ndéanamh ar shaoráidí faireacháin radaighníomhaíochta;

3. MEABHRAÍONN SÍ creat reachtach an Chomhphobail maidir le sábháilteacht núicléach, go háirithe Conradh Euratom, Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha, arna leasú le Treoir 2014/87/Euratom[1] ("an Treoir maidir le Sábháilteacht Núicléach"), Treoir 2011/70/EURATOM ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí[2] ("an Treoir maidir le Dramhaíl Radaighníomhach agus Breosla Spíonta") agus Treoir 2013/59/EURATOM ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta don chosaint i gcoinne na contúirte a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom[3] ("an Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha");

[1] IO L 172, 2.7.2009, IO L 219, 25.7.2014.
[2] IO L 199, 2.8.2011.
[3] IO L 13, 17.1.2014.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí foriomlána sa Tuarascáil Speisialta go bhfuil an Coimisiún tar éis cur go mór le sábháilteacht núicléach san Aontas, ach go bhféadfadh sé an creat dlíthiúil agus a threoirlínte inmheánacha a thabhairt cothrom le dáta;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an chéad mholadh ón gCúirt don Choimisiún maidir lena chur chuige a thabhairt cothrom le dáta i ndáil le faireachán a dhéanamh ar thrasuí Treoracha Euratom amach anseo, sa chaoi go bhféadfadh an Coimisiúin é a dhéanamh níos éasca do na Ballstáit bearta iomchuí a ghlacadh;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dara moladh ón gCúirt don Choimisiún maidir leis na gnéithe atá le cur san áireamh nuair a bheidh tograí reachtacha á gcur i láthair, mar a fógraíodh i bpacáiste an Aontais Fuinnimh 2015, le haghaidh creat nuashonraithe lena gcumhdaítear tionscadail infheistíochta núicléacha agus MEABHRAÍTEAR DI, i ndáil leis an méid sin, Airteagal 41 de Chonradh Euratom agus inniúlachtaí na mBallstát i réimse na sábháilteachta núicléiche, agus an bunphrionsabal "rialáil níos fearr".

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tríú moladh ón gCúirt chuig an gCoimisiún maidir le nósanna imeachta inmheánacha a bhunú, d'fhonn cur chuige comhsheasmhach comhleanúnach a áirithiú nuair a bheidh saoráidí faireacháin radaighníomhaíochta na mBallstát á bhfíorú agus nuair a bheidh tuairimí maidir le hinfheistíochtaí núicléacha á n-ullmhú.

8. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le sábháilteacht núicléach ar fud an domhain, MOLANN SÍ obair leantach a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil sin le measúnú breise ar ról an Choimisiúin agus lena rannchuidiú leis an tsábháilteacht núicléach a neartú i gcomharsanacht an Aontais.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a iarraidh ar an gCúirt Iniúchóirí an Tuarascáil Speisialta seo a chur i láthair ag an gcruinniú de chuid ENSREG atá le teacht agus plé a dhéanamh ar na torthaí agus na moltaí inti.